Ráiteas ón gCoimisinéir Teanga – 20 Feabhra 2015

Fáiltím roimh chinneadh na Cúirte inniu a dhearbhaíonn fionnachtana an imscrúdaithe a rinne m'Oifig sa chás seo. Soiléiríonn an cinneadh seo na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí nuair a bhíonn siad i mbun cumarsáide leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal sin agus is maith ann an soiléiriú sin.

Ba mhaith liom a aithint go bhfuil dea-chaidreamh oibre cothaithe idir m'Oifig agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim le níos mó ná deich mbliana anuas. Leanann an dea-chaidreamh sin agus táim muiníneach go leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim leis an dea-chleachtas atá cruthaithe acu i dtaobh na seirbhísí a chuireann siad ar fáil trí Ghaeilge do shaoránaigh.

Bhain an cás seo le leabhrán eolais a bhí i dteannta cumarsáid phearsanta agus a scaipeadh ar 1.7 milliún teaghlach ar fud na tíre. Socraíonn cinneadh an lae inniu fasach maidir leis na dualgais a thiteann ar chomhlachtaí poiblí nuair a bhíonn siad i mbun cumarsáid den chineál seo.

Is é an rud is tábhachtaí domsa mar Choimisinéir ná go ndéanfaí cosaint ar chearta teanga an tsaoránaigh. Creidim go gcosnaíonn cinneadh an lae inniu na cearta sin.

Tá deis ag an Rialtas cur leis na cearta teanga sin nuair a fhoilseofar Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) go luath.

Oifig an Choimisinéara Teanga
An Spidéal
Co. na Gaillimhe
091504006
eolas@coimisineir.ie